

XVI THE CHIEF CRIMINAL INVESTIGATOR SENDS HIS REGARDS

Bhí an tacsá tagtha in Unter den Linden. Bhuail Emil trí huaire ar an bpána gloine a bhí idir é fein agus an tiománaidhe. Stad an cóiste agus d'fhiafruigh an buachaill. "An bfuilimid a ngar don áit. Tá d'fhreagair an fear. "Gabh muid leithsgéal ach ní mór dom dul chomh fada le Aibhinníú a' Chadhsair i dtosach, go dtí Café Josty. Tá blath fleasg mo mháthair mór fágtha annsin agus mo culadh mhála freisin. Tóg go dtí an áit sin mé má sé do thoil é. " "Má sé mo thoil é – céard sin dá rádh agat? "An bhfuil an t-airgead leat? abair ar aimhreas is nach mbeadh mo dhíol san méad a thug an duine uasal dom. " "Tá dalladh airgid agam, a thiománaidhe agus caithfidh mé na blathanna a thabhairt liom. "

"Go maith ar an fear agus thug sé casadh ar an taobh clé. Thiomann sé leis annsin tríd geata Bhrandenburg agus amach faoi duilleabhar glas na gcrann san go Cearnóg Nollendorf. Ach ar mhaithe le cinnteacht a dheanamh dhe chuir sí lámh ar phóca a brollaigh. Bhí an t-airgead ann i gcomhnaidh. Thiománadar leo suas sráid Motz go dtí ceann eile an bhóthair. Annsin chasadar deiseal agus stadadar aghaidh Café Josty. Thuirling Emil, shiubhail suas go dtí an cuntar agus dubhairt leis an gcailín freastail na bláthanna a thabhairt dó agus a a chuladh mála. Thug sé a chuid bogáiste rudaí do. Gabh sé buidheachas léithe agus suas leis ar an tacsá arís agus ar sé leis an tiománaidhe,

"Tóg láithreach go dtí mo mháthair mór mé. Chasadar thart timcheall druim ar ais agus thiománadar thar Abhainn na Spraidhe ar ais arís, ghabhadar sean sráideanna agus thar sean tighe leachta, dath treighthe a bhí chomh sean leis na dílinn. Ba mhaith le Emil lán a súl de gach radharc a fhágáil, ach bhí draoidheacht eicint ar a chuid bagáiste. Ní fhanfadh an culadh mhála socair aon achar agus an uair d'fhanadh sé gan corruighe bhíodh an ghaoth ag cur bolgáin ar an bpáipéar a bhí timcheall na mbláthanna. Muna mbeadh an aire a thug Emil dó bheadh an fleasc sguabtha chun bealaigh ar fad. Faoi dheire d'fháig an tiománaidhe na cosgáin. Stad an tacsá. Bhíodar thagtha ag 15 Sráid Schumann. "Is ann duitse. " "D'aile" ar Emil agus thuirling sé.

"An bhfuil aon cheo eile agat orm?" d'fhiafruigh Emil.

"Go deimhin, níl a mhalairt de chaoi a tá air. Tá dá pinginn go leith agat-sa ormsa. " Ná caintigh air, adeir Emil, caith an méid sin ar tudóg duit fein, tá siad tuillte agat. " Ní caitheamh a ghríos mé ach a congailt" adeir an tiománaidhe. D'imthigh le Emil suas an staidhre annsin go dtainig sí ar an tríomhadh léibheann agus bhuail sí clog Heimbold. Is ann a bhí an rúsgadh ar chúlaibh an dorais. Fosgluigheadh an doras ar an bpointe. Bhí an

mháthair mór annsin rug sí greim borróige ar mhúineál ar Emil, thug sí buille bosóige do bhuail sí bosóg ar a phluc dheas agus thug sí póg dó ar a phluc clí. Rug sí greim gluaise air agus tharraing go bog réidh ina diaidh é isteach ar an urlár agus ar sise in ard a cinn, “a beitheamhnaighín bhradaigh, a bheitheamhnaighín bhradaigh é, céard a dhéanfas mé leat?”

“Nach deas na sgéalta a cloistear dúinn i do thaobh, ” adeir Aintín Márta go laghach leis agus a lámh sínte chuige. Shín Pony Hutchen a huille chuige air agus bhí sí ag míogaireacht le háthas. “Aire tá mo lámha fliuch. Tá na miasa dhá nigheachán agam. Is orainn-ne mná a tá cruadóg an tighe ó aimsir Éabh anall. ” Chuadar uile annsin isteach sa seomra suidthe. Chuireadar iallach ar Emil suidhe ar an suíteán. Bhí a mháthair mhór agus Aintín Marta agus fáilidhe ortha dá stánadh mar bheidís ar phictiúir luachmhar de cuid Titian. Bhfuil aon phinginn airgid agat?” d’fhiafruigh Pony. “Cinnté tá” ar Emil agus bhain sé na trí pháipéar as a phóca. Sheachaid sé sé phunt ar a mháthair mhór agus ar sé, seo dhuit a mham mhór an t-airgead, agus tá gean seacht mhíle beannacht mo mháthar agat in éinfheacht leis. Agus ná bíodh aon ní shásamh ort faoi nár chuir sí aon aigead chugat le raithe anuas. ”

“Ní mó ná go maith a bhí an saoghal, agus tá beagán fear is barr duit annsin an turas seo. Táim faoi chumaoín an-mhór agat, dhalta, ” adeir an tseanbhean. Annsin thug sí punt ar ais dó. Is dhuit féin an méad sin as ucht a fheabhas is chruthuigh tú mar lorgaire. Ná déan, ní thig lioma glacadh go deimhin ní thig. Tá an punt a thug mó mháthair dom i gcomhnaidhe agam i mo phóca. ” “Anois a Emil chuimhnigh go gcaithfidh tú bheith umhal do do mháthair mhór, cuir an t-airgead i do phóca láireach. ” Ní chuirfead, ní fhéadfainn glacadh beag ná mór. ”

“Ná bíodh díth ceile ort, adeir Pony Hutchen. Níor chall iarraidh orm-sa an darna huair. ”

“B’fhéarr liom gan a ghlacadh más é do thoil é. Muna nglacadh tú é tiocfaidh na sgoilteacha arís orm do labhair an mháthair mhór. ”

“Glac go beo” adeir antín Mearta agus an páipéar punt dá shacadh ina póca aice. “D’aile níl neart agam air agus an chaoi a bhfuil sibh liom” ar Emil. “Go mba seacht míle fearr a bhéas tú a mháthair mhór. ”

“Is agam-sa atá an t-ughdar bheith buidheach” adeir an mháthair agus gruaig Emil dá sliocadh aice.

Annsin bhronn Emil uirthé an fleasc blathanna, agus fuair Pony soitheach (corn) uisce ach nuair a dfhosgluigheadar na bláthanna ní raibh fhios aca an gáire nó caoineachán a dheanfaidís. “Is cosmhail le sean-ghlasraidh seargtha” iad adeir Pony. “Ní bhfuairheadar uisce ó tráthnóna indé, ” mhínigh Emil agus aitmheala air. Ní hiongnadh ar bith iad a bheith tréithe. Siad a bhí úr indé nuair a cheannuigh mo mháthair is mé féin iad. ”

“Mise i mbannaí go raibh, ” adeir an mháthair mór agus í a cur uisce fútha. “Tiocfaidh siad cuca féin arís, b’fhéidir” adeir antín Mearta go sólásach. D’aile, béidh ar ndinnéar ag teastail uainn. Ní bhéidh uncal annseo go tráthnóna. Leag an bord a Phony. ” “Déanfad a mháthair” ar an gírrseach. “Measann tú a Emil cén t-adhbhar dinnéir a bhéas ann dúinn?”

“Faoi luighe na gréine níl fhios agam. ”

"Cén sort is fearr leat?"

"Muicfheoil agus macaróna. "

"D'aile tá fhios agat mar sin céard a bheas againn. "

Go deimhin féin bhí Emil taréis muicfheoil agus macaróna a chaitheamh an lá sin cheana féin. Ach ní chuireann sé éiseal ar dhuine an an biadh is fearr a chaitheamh gach uile lá, agus ba dóigh le Emil go raibh seachtain ann ón meadhon lae deireannach a chaith sé in einfheacht le n-a mháthair i Neustadt. Ní fhéadfadh Herr Grundeis-Muller-Kiessling fhéin Emil a shárú agus é in éadan na muicfheola agus an mhacaróna. Nuair a bhí an dinnéar caithte thug Emil agus Pony an tráid ortha féin le dreas caitheamh aimsire a dhéanamh, mar ba mhian le Emil marcaideacht fhágháil ar rothar beag sgreamh-niocail Phony. Shín an mháthair mhór thairte ar an sínteán agus bhí ceapaire ubhall a rinne aintin Márta dá bhrúth san oighean aice. Bhí cáil uirthे le feabhas a cuid ceapairí ubhall. Thiomáin Emil leis síos sráid Schumann ar an rothar. Bhí Pony in a dhiaidh aniar agus lámh aice ar an diallaid. Dubhairt sí nar mhór an méid sin aire a thabhairt dá col ceathair nó tiocfaidh sé anuas de phlimp. Annsin chuir sí iallach air íslú, agus siúd í féin ag marcaidheacht timcheall i gcearcail, trí huair le teasbánaidh a dhéanamh dó.

Tháinig Síothmhaor agus mála beag dá iomchar aige suas chuca agus d'fhiafruigh "an gcomhnuigheann muintir Heimbold ag uimhir a 15 a ghasúir?" "Cómhuigheann" dubhairt Pony leis. "De mhuintir Heimbold sinn-ne, fan ort a Shairsint, " agus shac sí an rothar isteach i n-íochtar tighe. "An amhlaidh atá tubhaist mór eicínt tar éis tuitim amach nó céard é?" d'fhiafruigh Emil.

Níor fhéad sé Consabal Jeschke a chuir as a chuimhre. "Ní headh ná chor ar bith, an tú an gasúr sgoile Emil Tischbein? "Is mé a dhuine uasal. " "D'aile más tú dean cómhghairdeachas leat féin. " Cé hé gur leis an comóradh lae beirthe?" adeir Pony agus ladar dá chur isteach aice.

Ach gaoth an fhocail ní leigfeadh an síothmhar leo. Is amhluidh a thug sé an staidhre suas air féin. Thug aintin Marta isteach sa seomra suidhte é. Dhúsigh an mháthair mhór, déirigh aniar ina cheartshuidhe, agus í chomh fiosruigheadhach le cat i siopa. D'fhan Emil agus Pony le hais an bhuird agus tocht ortha le mí-fhoighid.

"Is mar seo atá sé, "adeir t-oifigeach agus an mála beag de fhosgailt aice. An gadaidhe úd ar rug Emil air ar maidin, is gadaidhe banc é ó Hanover agus tá na síothmhaoir dhá thóraidheacht le sgathamh aimsire. Tá aithne curtha air anois ag an oifig aitheantas atá againn. Tá sé tar éis gach uile nídh rud a admhachtáil. Fritheadh an chuid is mó den airgead agus é fuaighte faoi bhrim a chóta san léineáil. Notáí céad punt, gan cineál ar bith eile. "

"Ar chualas ariamh!" do sgairt Pony Hutchen.

"Gheall an banc coigchíos atá ó shoin ann" adeir an Consabal arís, "ghealladar duais do cé bí cé chuirfeadh an gadaidhe ar fághail agus ós tú a rug air, adeir sé agus é ag breathnú ar Emil gheobhfaidh tú an duais. Is maith leis an árd-taighdeoir thú bheith go maith agus tá áthas air luach saothar a bheith duit ar son do dúthrachta. "

Thruasluigh Emil dó.

Sin é an uair a thug an Consabal beart notaí as an mála beag, chóraigh sé amach ar an mbord iad. Bhí aintín Márta ag faire ar feadh an ama. Ar sise de chogar chomh luath agus bhí deireadh comhairlighthe aige-san, "leath-chéad punt!"

"Dar brigh m'fhocail!" adeir Pony Hutchen. Shaighnigh an mháthair mhór amhdáil. Níor leig aintín Marta an Consabal amach gan gloine mhór branda a thabhairt dó a thóg sí as cobús an oncail. Bhí Emil ina shuidhe le hais a mháthair mór. Níor fhan focal aige. Chuir an tseanbhean lámh thairis aniar agus ar sí agus a ceann dhá chríochnú aice, "is deacair dom a creideamhaint, is deacair sin beag ná mór. " Gabh Pony Huthchen de léim ar an gcathaoir agus thosuigh uirthi ag bualadh le barr bróige amhail is da mbeadh buidhean piobairí san seomra. Thosuigh sí ag gabhail amhráin. "Beidh rinnte againn, beidh rinnte again, beidh rinnte again Dia Domhnaigh. " "Beidh adeir Emil, cinnte, ach nar dheas an rud sgéal a chur chuig mo mháthair laireach teacht go Beirlín. Goidé do mheas?"

Tá corruighe a dhóthain ar Frau Tishchbein

Maidin i mbárach a bhí chugainn bhain Frau Wirth, bean an fhuinteora, bhain cloigin Frau Tishchbein. "Go mbeannuighidh Dia thú, a Frau Tischbein" adeir sí. "Cé chaoi a bhfuil tú. "

"Go mbeannuighidh an Fear céadna duit, a Frau Wirth" ar sí sin. "Táim trí na chéile ar fad. Focal ní tháinig ó mo ghasúr agus ceapaim gach uile uair gurbh é an post-fhear a bhíos chugam. An bhfuilir ag iarraidh orm do ghruaig a dhéanamh?" Nílim, níl ann ach go dtáinig mé isteach le rádh leat go bhfuil teachtaireacht agam duit. "

"Go raibh míle maith agat, "d'fhreagair Frau Tischbein.

"A mhíle beannacht ort é ó Emil cion dá ghrádh ó Emil duit. "

"Dia linn. Ar éirigh aon rud dó? Cá bhfuil sé, an bhfuil fios agat cá bhfuil sé? Céard é an sgéal atá agat, "ar Frau Tischbein agus tocht guil uirthi, nach mór. Bhí sí an-chorruighe go deimhin, agus a a dá laimh curta suas aice le teann imnidhe.

"Tá sé go rí mhaith go cinnte a chuid go han-mhaith. Gabh sé gadaidhe, cuimhnigh air, agus thug na siothmhaoir duais leith-céad dó as a ucht. Goidé do meas dó sin? Éach?" agus táim féin le dul go Beirlín ar traen ar meadhon lae. "

"Ach cé dubhairt an méid sin leat?"

"Frau Heimbold, do dhreithiúr a dubhairt é trí an telefón ó Berlín, atá againn sa siopa. Labhair Emil cupla focal liom freisin. Is maith leo go rachá ann gan aon mhoill agus ó tharla chomh saidhbhir sin thú anois. Ní bhéidh trioblóid ar bith ort faoin turas. "

"Seadh, seadh, seadh,, ar ndóigh" ar Frau Tischbein ag smíogarnach. Bhí tré-chéile mór uirthi leath chéad punt as ucht gadaidhe a ghabhail. "Céard é san domhan mór a chuir a leitheid in a cheann? Bíonn rudaí da dhéanamh i gcomhnaidhe aige le neart dith céile. "

"Ach bfhíu dhó é. Is mór an lear airgid leath-chead punt. "

"Ná labhair a thuille ar an leath-chéad punt. "

"D'aile ní gach aon lá a éirigheann leath-chéad punt le duine. An mbeidh tú ag dul go Berlin?"

"Béidh cinnte. Ní bhéidh nóiméad suaimhnis agam go bfeicidh mé an gasúr sin. Go dtéighidh tú slán, maise, agus bíodh lá maith agat. "

"Go raibh maith agat Frau Wirth" ar Frau Tischbein agus dhún sí an doras í ag crothadh a cinn. An tráthnóna céadna bainneadh geit eile aiste ní ba mhó ná an chéad ceann, agus í san traen ag dul go Berlin. Bhí fear uasal ar a haghaidh anonn ina shuidhe agus an nuachtáin dá léigheadh aige. Bhí na cuailí telegrafa dá gcómhaireamh aice agus iad ag imtheacht thar an bhfuinneog. Bhí an oiread sin deifre uirthé go Berlin gur tháinig sé ina hinntinn tuirling den traen agus í a sháthadh roimpe. Is mar sin a bhí sí ar a mí-shuaimhneas agus a ceann chomh guagach le bfaca tú ariamh ag breathnú timcheall uirthé, nuair a thug sí siolla súl ar an nuachtán a bhí dá léigheadh ag an bhfear uasal.

"A Thighearna, " sgread sí, agus sgiob sí an páipéar as laimh an fhir uasail. B'fhacthus don fhear uasal gurbh amhlaidh a tháinig saobhán céille go tobann uirthé. Sgannruigheadh é roinnt, baineadh geit beag as.

"Ná bíodh-aon imnidhe ort, "ar sé go briotach.

"Sé mo gasúr é seo" adeir sí agus spáin sí dó griandealbh a bhí i gceart lár an chéad leathanaidh. "Maise, maise, agus is tú máthair Emil Tischbein. Is breagh an buachaill é. Bainfimid ár hataí a bhean uasal, bainfimid ar hataí duit a Frau Tischbein. "

"Coinnigh ort do hata a fhir uasail, "agus leis sin thosuigh uirthé ag léigheadh na haiste den chéad dul síos. Bhí cinn line agus móir leitreacha a rádh

Buachaill beag ina Lorgaire

"Céad ghasúr ag tóraidheacht cuirpigh i mBeirlín" agus ina dhiaidh sin bhí mionfhaisnéis ar eachtraí Emil ón am ar fhág an staisiún i Neustadt go dtí an t-am ar shroich sé Príomh Staisiún na Síothmhaor i mBeirlín. D'iompuigh a snódh ar Frau Tischbein go deimhin agus bhí an nuachtáin ag crith ina lamhaibh amhail is dá mbeadh sé le gaoth. Is ar éigin a d'fhéad an fear uasal foighid a dhéanamh go nbeadh an aiste leighte aice. Ach b'fhada an aiste í, is beag nach raibh lán leathanaigh ann agus bhí grian dealbh Emil ina ceart lár. Faoi dheire thiar thall chríochnuigh sí an aiste agus ar sí, "an dá luath is fhágtar ar a chomhairle féin é, bíonn obair eicint den sórt sin ar siubhal aige. Cén dochair ach gur bhagair mé air seachas thar aon rud, aire mhaith a thabhairt do na seacht bpunt. "

"Cén chaoi ar eirighe leis bheith chomh dith céille sin, agus ba dóigh leat air nár thuig sé go raibh an t-airgead a bheith chomh gann sin again nach raibh pinginn againn do na gadaithe. " "B'fhéidir gur tuirse a bhuail é. B'fhéidir gur deimhin gur imir an gadaidhe draoidheacht air. Deirtear go ndéantar a léithéid, "adeir an fear uasal, ach nach iad na buachaillí a chruthuigh thar cionn agus greim a fhághail air, ealadhain críochnuithe a bhí ann. Bhí thar barr go deimhin thar barr. "

"Bhí go deimhin, is fíor sin" adeir Frau Tischbein agus bhí taitheamh an mholta dá aireachtáil acu. Is cliste an buachaill mo mhac-sa. Bíonn sé ar an buachaill is fear ina rang i

gcomhnaidhe, agus sé atá dúthrachtach. Ach nár milteach an rud é dá n-éirigheadh rud ar bith dhó. Eirigheann mó chuid gruaige ar mo cheann má ghním fiú is cuimhrú air cé go bhfuil sé thart ar fad anois.

"Gheobhfainn bás le sgannradh da mbeadh air arís choidhthe taisteal ina aonar. Ní leigfeadh chun bealaigh aríst go deo é ina aonar.

"An pictiúr díleas do é seo?" d'fhiafruigh an fear uasal. "Sé mac a samhail é. "An doigh leat gur buachaill dathamhail é. ?"

"An-dathamhail" adeir an fear uasal, "is fíor bhuachaill é, is follusach go ndéanfaidh sé fear breagh ach go dtigidh na blianta ann. " Ba chóir dó coir níos fearr a chuir air féin le haghaidh an phictiúra" ar Frau Tischbein. "Tá filltí ina chóta. Dubhairt mé leis a sgaoileadh sul dá suidhfeadh sí síos. Ach níl aon toradh aige orm. "

"D'aile má sé sin an locht is mó air" adeir an fear uasal ag gáire, go deimhin. " Nuair a chuimhuighim air ní aon locht mór ar Emil seo gam-sa" ar Frau Tischbein agus í a séideadh a sróine. Leis sin d'fhág an fear uasal an traen. D'fhág sé an nuachtán aice agus chaith sí ag léigheadh agus ag ath-léigheadh eachtraí Emil nó gur shroich an traen Staisiún Sráid Friedrich. Léigh sí an aiste aon uair déag ar fad. Bhí Emil rompa ar an árdán nuair a tháinig sí as an traen i mBerlin, agus le h-ómas da máthair bhí culaidh Domhnaigh dá chaitheamh aige. Chaith sé na lámha timcheall a muinéal ag déanamh scaith grádha leithe.

"Anois céard deir tú, " adeir sé.

"Ná bhí sonnta anois, a mhoncaí bhig. "

"Maise, dar brigh m'fhocal a Frau Tischbein, is mé atá sásta thú fheiceál annseo" gur chuir sé lámh ina uillinn. An fiadhach úd ar a' ngadaidhe a rinne tú ní go maith a chuaidh sé do chuladh éadaigh" ars an mháthair ach go deimhin ní raibh aon crostacht ina glór. "Muna miste leat é ceannochoaidh mé culadh nua. "

"Cé bhéarfais duit é?"

"Tá siopa mór atá ag iarraidh cultacha maith a thabhairt i n-aisge don Ollamh, do Gustav agus domsa le go mbeidh sé le fógairt, craobhsgaoileadh aca gur uatha féin amhain a cheannuigheas lorgairí seo gainne a gcultacha, an dtuigeann tú. "

"Tuigim thú. Ach ní móide go nglacfamuid tada uatha fiú liathróide peile agus bhéarfais ceann an duine i leabhaidh a sean-chulaidh nua, "adeir Emil agus é ag caitheamh na gcos go tréan. "Is dóigh linn féin, tá fios agat, gur mór an dith chéille an clampar atá dhá dhéanamh acu mar gheall orainn. Tig le daoine críonna bheith an-amadeach faoi rudaí den tsórt sin uaireanta.

"Bíonn siad i gcomhnaidhe aisteach, ach go deimhin ba choir dúinn féin atá óg bheith níos staidéaraighe.

"Go breagh" ars an mháthair. Tá uncal Heimbold tar éis an t-airgead a chuir i dtaisge, leath chead punt. Céard deir tú leis sin. Cheannóchaidh muid gruaig-thriomuightheoir leictreachais ar an gcéad rud, agus cóta geimhridh mná le líonáil fionnadh ann. Ní mé fós céard tá uaim féin. Béad ag cuimhnú air liathróid pheile, b'fhéidir nó camera. Beidh fios

again ar ball é. Bhí mé ag ceapadh go mb'fhéidir go mb'fearr dúinn an t-airgead a choigilt agus é a chuir i dtaisge sa mbanc. Beidh sé feileamhnach arís dúinn ach go dtigidh na blianta ionnat-sa.

"Ní hamhlaidh a bhéas, béidh an gruaig-thrimuightheoir leicreachais agat-sa pebí sgéal é, agus an cóta fionnaidh.

"Tig linn an chuid eile a choinneál má thogruigheann tú é. "

"Beimid ag cainnt faoi arís, "adeir an mháthair agus d'fháisc sí go bog ar a chuislinn. "An bhfuil fhios agat go bhfuil mo phictiúir ar na nuachtáin agus aistí fada ina thaobh?" "Léigh mé ceann aca ins an traen. Bhí an imnidhe orm ar dtús, Emil. An bhfuil tú sásta gach rud a bheith ceart agat, abair go bhfuil. Ba mhór an greann é. Innseochad an sgéal ó thús deireadh dun arís. B'fhearr liom ar dtús thú a chuir isteach doma cairdibh. "

"Cén áit a bhfuil siad. "

"Tá siad i Sráid Schumann ag teach Aintín Marta. Rinne sí píodhóg ubhall ar an bpointe, agus annsin thug sí cuireadh do na buachaillí uile go léir. Ta siad annsin anois agus ruaille buaille mór aca. "

Is ann a bhí an ruaille buaille go deimhin i dtigh Heimbold. Bhí siad ar fad ann, Gustav an tOllamh an bheirt dreatháir deMittler, Gerold, Friedrich, Kaus, Frank, Dia Máirt Beag agus an chuid eile acu ar fad. Is ar éigin a bhí cathaoir an duine dóibh. Bhí Pony Hutchen ag rith ó dhuine go duine agus soitheach mór seaclaéid te aice. Bhí císte ceapaire ubhall ag Aintín Marta ar fheabhas an domhain. Bhí mathair mór ina suidhe ar an sínteán go soineannta sásta agus deich mbliaina da haois imthighthe dí. Nuair a thainig Emil agus a mháthair isteach le chéile, ba bheag nár leagadh critheach an tighe leis an bhfáilte a chuir an gasúir rompa. Chraith gach buachaill lámh le Frau Tischbein. Ghabh sí buidheachas leo ar fad as ucht a cinealtaighe is bhíodar le Emil. "Agus tá sé socruighthe adeir Emil, nach nglacfamuid leis na cultacha éadaí ná leis na liathróidí peile.

"Ní leigfimuid dóibh gléas foillseoireacha a dhéanamh dhínn, an leighfidh. Tigimid leat, chuile dhuine againn adeir Gustav agus bhí na gach grág dá bhaint as an mbonnán gluaisteán chomh tiugh sin aige go raibh blath-photaí Aintín Marta ag cnagadhreacht ar an gclár. Sin é an uair a d'éirigh an mháthair mór ina seasamh. Bhual sí a spunóg ar a gcupán síneadh ordha agus ar sise. Éistigh liom

anois a gasúr. Is mian liom óráid a dhéanamh a dhaltaí, na tugadh libh go deimhin gur páistí an-chliste sibh, níl mé ag dul do bhur moladh. Tá an ceann trí na chéile oraibh ar fad ag an chuile dhuine. Ní hé sin is mian liom-sa, ní hé go deimhin. " Ní raibh cor as na gasúir. Bhí faitchíos ortha leanacht don mhangailt féin.

"Go deimhin ní mór an gaisgeadh gadaidhe a thóraidheach agus breith air. An mí-thaithneamhach libh an méid sin, a chairde óga? Tá duine agaibh agus b'fhearr leis ná aon rud bheith san tóir ar Herr Grundeis. Ba mhór a thaithneochadh sé leis bheith ag spíodoireacht thart agus é feistighthe agus é gléasta in éide uaine an ghiolla tógachain. Ach is amhlaidh a d'fhan sé san mbaile, mar bhí sé geallta aige a dhéanamh. Dhírigh gach duine súil ar Mháirt Beag, agus bhí a aghaidh lastáta leis an gcúthailleacht mhór a bhí air. Tá sibh

ceart, go deimhin. Sé Máirt Beag atá i gceist ag a mathair mór. D'fhan sé i mbun an telefón ar feadh dhá lá. Is maith a thuig sé gur air a bhí a aire agus chómhlión sé a dhualgas. Cé gur beag greann a bhí ann dó b'iongantach é an rud sin, a dtuigeann sibh mé. Bhí sé go hiongantach. Ba chóir díbh uile go léir aithris a dhéanamh air. Eirigí uile go léir anois in bhur seasamh agus cuirfimid suas trí gairthí molta dia Mháirt Bhig. Léim na buachailli ina seasamh. Chuir Pony Hutchen dhá dorn suas le na béal mar béadh adharc shéidthe aice. Thainig Aintín Marta agus máthair Emil ón gcistinigh amach. Trí gairthí cnuic do Dia Maire Bheag. Hurá, Hurá, Hú-rrá.